Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2026**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0266 (COD)**

**15614/1/25**
**REV 1 ADD 1**

**TRANS 558**
**CLIMA 544**
**CODEC 1853**
***PARLNAT***

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cuntasaíocht ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhísí iompair<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 26 Feabhra 2026 |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite (dá ngairtear 'Count Emissions EU' anseo feasta), mar chuid den Phacáiste um Iompar Lasta a Ghlasú, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. D'fhormheas an Chomhairle a Cur Chuige Ginearálta go toiliúil an 4 Nollaig 2023.

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh an 10 Aibreán 2024 nuair a caitheadh 349 vóta ina fhabhar agus 243 vóta ina choinne, agus 12 fheisire ag staonadh ón vótáil. Tá an comhad faoi fhreagracht chomhpháirteach Choiste TRAN (Rapóirtéir Norber  Lins (DE, EPP) agus Choiste ENVI (Rapóirtéir Antonio Decaro (IT, S & D)).

4. An 2 Iúil 2025, tionóladh an chéad chruinniú tríthaobhach maidir leis an gcomhad faoi Uachtaránacht na Danmhairge agus tugadh sainordú leathan ar an leibhéal teicniúil chun tús a chur leis an gcaibidlíocht. Tionóladh naoi gcruinniú theicniúla idirinstitiúideacha ó shin.

5. Tionóladh an dara cruinniú tríthaobhach, arb é an cruinniú tríthaobhach deiridh é, an 5 Samhain 2025.

6. An 26 Samhain 2025, rinne Coreper anailís ar an téacs comhréitigh deiridh d'fhonn teacht ar chomhaontú agus dhearbhaigh sé é.

7. An 4 Nollaig 2025, chuir Cathaoirligh Choiste TRAN agus Choiste ENVI litir chuig Cathaoirleach Coreper ina ndearbhaítear, dá bhformheasfadh an Chomhairle an téacs comhaontaithe, ar an gcéad léamh, tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh air, go bhformheasfadh an Pharlaimint an seasamh ón gComhairle ar an dara léamh.

## II. CUSPÓIR

8. Tá sé d'aidhm ag Count Emissions EU rialacha comhchoiteanna a bhunú maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhísí iompair a thosaíonn nó a chríochnaíonn i gcríoch an Aontais. Tá sé bunaithe ar chaighdeán de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO) a glacadh le déanaí[1]. Tá sé d'aidhm ag an togra freisin athrú iompraíochta a dhreasú i gcustaiméirí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (dá ngairtear 'GCT' anseo feasta) ó sheirbhísí iompair a laghdú trí ghlacadh agus úsáid sonraí inchomparáide agus iontaofa maidir le hastaíochtaí GCT.

9. Tá sé d'aidhm ag an togra próiseas ríofa astaíochtaí GCT a shimpliú d'oibreoirí iompair, agus srian a chur le hualaí riaracháin ag an am céanna. Tá sé tábhachtach a lua nach bhforchuirtear úsáid an chreata chomhchoitinn a shainítear sa rialachán ach amháin ar eintitis a roghnaíonn (nó a bhfuil sainordú acu ar shlí eile) sonraí maidir le hastaíochtaí GCT a ríomh agus a nochtadh ar leibhéal imdhealaithe.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

### Comhthéacs an nós imeachta

10. Ar bhonn an togra ón gCoimisiún, chuaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh ar bhonn an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh. Is léiriú iomlán é téacs an dréachtseasaimh ón gComhairle ar an gcomhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir.

### Achoimre ar na príomh-shaincheisteanna

11. Tá na príomhghnéithe seo a leanas sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith.

12. Tugtar tús áite d'úsáid sonraí príomhúla ach ní shainordaítear í do gach eintiteas iompair agus moil, agus ní hamháin d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (dá ngairtear 'FBManna' anseo feasta). Féadfaidh na Ballstáit a roghnú, áfach, a cheangal go n-úsáidtear sonraí príomhúla a bhaineann le hoibríochtaí ar a gcríocha.

---

[1] Caighdeán EN ISO 14083:2023

13. Comhaontaíodh roinnt forálacha chun tús áite a thabhairt d'úsáid sonraí príomhúla:

- Féadfaidh na Ballstáit creataí dreasachtaí a cheapadh, agus déanfaidh an Coimisiún measúnú, san athbhreithniú ar an rialachán, ar an dóigh lena n-úsáid a dhreasú a thuilleadh.
- Féadfaidh eintitis iompair agus mhoil a thaispeáint má bhain siad úsáid as sonraí príomhúla amháin.
- Ceadaítear agus éascaítear athúsáid sonraí príomhúla le haghaidh ríomhanna *ex ante*.
- Tugtar soiléiriú in aithris ar mhéid na seiceálacha cáilíochta teicniúla ar bhunachair sonraí tríú páirtí.

14. Meabhraítear in aithris go bhfuil an Coimisiún tiomanta rochtain iomlán ar an rialachán seo a áirithiú. Comhaontaíodh freisin go dtuairisceodh an Coimisiún, san athbhreithniú ar an rialachán, ar na gníomhaíochtaí a rinneadh i ndáil leis an ábhar sin.

15. Níor cheart úsáid sonraí príomhúla ag FBManna trí rochtain ar shonraí infheithicle a chur san áireamh ach amháin in aon togra reachtach a thiocfaidh chun cinn a bhaineann le rochtain ar shonraí feithicle.

16. Breithneoidh an Coimisiún, san athbhreithniú ar an rialachán, a indéanta a bheadh sé raon feidhme na cuntasaíochta ar GCT a leathnú chuig táirgeadh, cothabháil agus diúscairt feithiclí.

17. Tuairisceoidh an Coimisiún ar an dul chun cinn arna dhéanamh ag ISO chun caighdeán a bhfuil glacadh domhanda leis, bunaithe ar astaíochtaí saolré, a fhorbairt.

18. Forbróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, uirlis ríofa shimplithe a dhearfar do FBManna go háirithe.

19. Maidir le sonraí príomhúla atá fíoraithe cheana féin faoi ghníomhartha eile de chuid an Aontais sna hearnálacha muirí agus eitlíochta, ba cheart a mheas go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le sonraí ionchuir a leagtar amach sa Rialachán, gan aon phróiseas fíorúcháin eile chuige sin.

20. Maidir le sonraí aschuir arna bhfíorú faoi ghníomhartha eile de chuid an Aontais, agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán, ba cheart a mheas go bhfuil siad fíoraithe faoin Rialachán seo, gan aon phróiseas fíorúcháin eile chuige sin.

21. Ba cheart a mheas go huathoibríoch go bhfuil comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe faoi MRV Muirí, Fuel EU Maritime nó ETS Aviation creidiúnaithe chun dualgais fíorúcháin a dhéanamh faoin Rialachán seo maidir le sonraí a thagann faoi shainchúram a saineolais earnála.

22. Ba cheart rochtain ar bhunachair sonraí an Aontais maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa agus luachanna fachtóra (dá ngairtear ‘bunachair sonraí an Aontais’ anseo feasta) a bheith ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.

23. Ba cheart bunachair sonraí de chuid an Aontais a bhunú le hionchur deonach ó na Ballstáit, agus, i gcás na hearnála muirí, ba cheart do na luachanna déine teacht ó bhunachair sonraí earnála atá ann cheana.

24. Ba cheart don Choimisiún féachaint le luachanna a léiríonn gnéithe sonracha de Bhallstáit éagsúla a áireamh i mbunachair sonraí an Aontais, chomh maith le luachanna arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta atá chun leasa an Aontais.

25. Agus bunachair sonraí an Aontais á bhforbairt ag an gCoimisiún, ba cheart dó an cur chuige suíomhbhunaithe a úsáid, agus an fhéidearthacht a fhágáil cur chuige margadhbhunaithe i leith an leictreachais a úsáid nuair is iomchuí, arna fhorbairt go leordhóthanach agus i gcomhréir le EN ISO 14083.

26. Ba cheart don Choimisiún an gá atá le luachanna déine a thabhairt cothrom le dáta a mheas ar bhonn bliantúil ar a laghad. Tar éis don Choimisiún bunachair sonraí an Aontais a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart dó na nuashonruithe a chur ar fáil gan moill mhíchuí; níl feidhm ag an gceanglas atá ar eintitis na luachanna nuashonraithe a úsáid ach amháin chun sonraí aschuir a ríomh 18 mí tar éis na nuashonruithe a chur ar fáil go poiblí.

27. Soiléiríodh cad iad na heintitis a thagann faoi shainchúram an Rialacháin, gan raon feidhme an Rialacháin a mhéadú i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún.

28. Tuairisceoidh an Coimisiún, san athbhreithniú a dhéanfaidh sé ar an rialachán, maidir leis an gcaoi a nochtann idirghabhálaithe sonraí sonraí aschuir de bhun an rialacháin seo agus na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag an nochtadh sin ar na roghanna a dhéanann gnólachtaí, comhlachtaí poiblí agus custaiméirí eile.

29. Beidh an Rialachán infheidhme 54 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm agus tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle 4 bliana tar éis a chur i bhfeidhm.

## IV. CONCLÚID

30. Leis an seasamh ón gComhairle, leagtar béim ar aidhm an togra ón gCoimisiún agus léirítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, agus tacaíocht á fáil ón gCoimisiún.

31. Ach a nglacfar an Rialachán maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhísí iompair, cuideoidh sé go mór le hearnáil an iompair.